Ordú Seirbhíse

Liotúirge Idirnáisiúnta



iStockphoto.com/Frans Rombout

"Buíochas le Dia a thugann dúinn an bua trínár dTiarna Íosa Críost."

(1 Corantaigh 15.51-58)

RÉAMHRÁ

Is ón bPolainn a thagann an tSeirbhís Éacúiméineach don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí sa bhliain 2012. Bhí grúpa éacúiméineach sa tír agus scríobh siad liotúirge a tharraingíonn ar thaithí na gCríostaithe Polannacha atá tar éis dul trí thréimhsí gliondair agus trí thréimhsí deacra.

Tá treascairt, forlámhas, ionradh, deighilt agus daorsmacht ó chumhachtaí gallda agus ó réimis naimhdeacha fite fuaite i stair na Polainne. Tá an iarracht shíoraí chun daoradh a shárú agus an fonn chun saoirse ina ngnéithe suntasacha de stair na Polainne dá réir sin.

Ós amhlaidh atá, is é a bheidh mar théama sa tseirbhís seo ná 1 Corantaigh 15.51-58, sliocht inar pléadh an chumhacht chlaochlaithe a bhaineann le creideamh i gCríost, agus leis an bpaidreoireacht is féidir linn a dhéanamh le haontacht shoiléir na hEaglaise, .i., corp Chríost. Agus sinn ag guí le haontacht iomlán na heaglaise, tiocfaidh claochlú orainn féin agus ar na traidisiúin lena mbainimid, sa treo is go mbeimid uile ag teacht le chéile de réir dhealramh Chríost.

Beidh an Eaglais atá aontaithe i gceart éagsúil leis na traidisiúin a bhfuil taithí againn orthu. Is spreagúil an tuar é, ach d'fhéadfadh sé eagla a chur ar dhuine chomh maith! Ach ní leis an gcompord a bhaineann le muintearas agus le comhoibriú amháin atáimid ag guí anseo. Ni mór dúinn a bheith sásta coimhlint agus comórtas eadrainn féin a chur uainn. Caithfimid sinn féin a oscailt dá chéile, bronntanais a thairiscint dá chéile, agus glacadh le bronntanais óna chéile, chun go luífimid isteach ar shaol nua i gCríost, an t-aon bhua atá againn.



shutterstock.com/ Jeff Banke

ULLMHÚCHÁN

- Beidh ceannaire seirbhíse ag teastáil, a dtagraíonn P: dó sa téacs.
- Is gá duine a cheapadh a bheidh i bhfeighil ar na hidirghuíonna, agus a dtagraíonn I: dó sa téacs.
- Triúr léitheoirí, L1, L2 agus L3, do na sleachta ón mBíobla.
- Daoine óga chun na ciseáin bhia a iompar.
- Tagraíonn P: do na freagraí ón ón bpobal
- Más rud é go bhfuil comhrá nó dráma chun áit na seanmóire a thógaint, b'fhearr é sin a shocrú leis na daoine roimh ré.
- Beidh bord ag teastáil a bheadh mór a dhóthain chun ciseáin lán le cineálacha difriúla bia a sheasamh, gan cuma Bhord Comaoineach a bheith air.
- Ciseáin chun na 'cineálacha difriúla bia' a chur isteach iontu.

Is féidir leis na 'cineálacha difriúla bia' a bheith ina n-opłatki (faigh an míniú dó sin i gcuid Sign of Peace and the Sharing of the Food an liotúirge), ach sa chás nach bhfuil teacht orthu sin nó go bhfuil siad ródhaor, déanfaidh píosaí beaga aráin (mar shampla, crosbhollóga nó a leithéid) an chúis; píosa amháin do gach duine den phobal.

OSCAILT

Iomann agus na daoine ag teacht isteach / réamhdhréacht

Is féidir leis na daoine a bheidh ag glacadh leis na príomhpháirteanna teacht isteach ina dtoscú. D'fhéadfadh na daoine óga na ciseáin bia a thabhairt isteac ag an bpointe seo, agus d'fhéadfadh duine de na léitheoirí cóip den Bhíobla a iompar. Ba chóir an Bíobla a shocrú ar an seastán léitheoireachta agus an bia a chur ar an mbord beag.



shutterstock.com/CLChang

Beannú

C: Go raibh grásta an Tiarna Íosa Críost, grá Dé, agus comaoineach an Spioraid Naofa libh go léir.

P: **Go mba hamhlaidh duit.** Nó: **Agus le do spiorad.**

Seoladh

Tar éis an bheannaithe, nó tar éis lucht na seirbhíse a chur i láthair, is féidir seoladh beag a dhéanamh chun an téama a thabhairt isteach.

C: Cuirfidh mé mistéir ar bhur súile anois díreach! Ní bhfaighidh aon duine againn bás, ach tiocfaidh claochlú orainn go léir.

P: **Buíochas le Dia, a thugann an bua dúinn trínár dTiarna Íosa Críost.**

C: Is é Dia i gCríost an bua.
Beidh iarracht agus streachailt de dhíth chun go dtuillfimid an bua sin. Cuimhnímis gur bronntanas ó Dhia é an bua sin. Agus sinn ag guí le haontacht shoiléir na heaglaise – agus leis na traidisiúin lena mbainimid – tiocfaidh claochlú orainn sa treo agus go mbeimid de réir dhealraimh Chríost. Teastaíonn ó na Críostaithe glacadh leis an mbronntanas seo, á fháil le chéile, gan mhóráil, ach le humhlaíocht, ag freastal ar Dhia agus ar a gcomharsa de réir shampla Íosa Críost. Agus sinn ar thóir aontachta, is é seo an dearcadh a theastódh uainn a lorg ar Dhia.

Paidir oscailte

C: A Dhia na glóire,
Is trí Íosa a deir tú linn
gur gá don té a dteastaíonn uaidh a bheith chun cinn ar fad ar na daoine eile imeacht siar chun deiridh ar fad agus searbhónta a dhéanamh dó féin do chách.
Téimid isteach i do láthair,
agus is maith a tá a fhios againn gur trí neamhchumhacht na croise a thiocfaidh do bhua.
Tagaimid chun guí le haontacht d'eaglaise.
Múin dúinn glacadh go humhal leis gur bronntanas uait é an aontacht;
Athraigh agus cuir claochlú orainn tríd an mbronntanas sin,
agus déan sinn a bheith níos cosúla le do mhac Íosa Críost trí chumhacht an Spioraid Naofa.

P: **Áiméan.**

Paidir an aithreachais

C: A Dhia uilechumhachtach, in ainneoin na hAontachta a bhronn Críost orainn, leanaimid orainn inár gcuid easaontais.
Déan trócaire orainn!

P: **Déan trócaire orainn!** Nó d'fhéadfaí **"Kyrie Eleison" a chanadh**

C: Cuirimid cruachan ar ár gcroí nuair a chloisimid an Soiscéal.
Déan trócaire orainn!

P: **Déan trócaire orainn!**

C: Teipeann orainn freastal ort trínár gcuid deartháireacha is deirfiúracha.
Déan trócaire orainn!

P: **Déan trócaire orainn!**

C: Thug easumhlaíocht Ádhaimh agus Éabha fulaingt agus bás chugainn, agus goineadh agus sracadh an cruthú as a chéile dá bharr.
Déan trócaire orainn!

P: **Déan trócaire orainn!**

COIMEÁDTAR TOST AR FEADH TAMAILLÍN

Cách: **Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bhfiacha, go stiúra sé sinn i dtreo an tsaoil shíoraí.**
Áiméan

BRIATHAR DÉ

L1: Habacúc 3.17-19;
L2: 1 Corantaigh 15.51-58;
L3: Eoin 12.23-26

Iomann/Amhrán

Comhrá / Tabhairt i láthair / Seanmóir / Dráma

Nuair a bheidh deireadh leis an gcomhrá, coimeádfar tost ar feadh tamaill bhig.

Dearbhú Creidimh

Deirtear "The Apostle" nó " Nicene-Constantinople". Nó:

C: Is i nDia amháin gur fiú muinín a chur ann, agus is chuige a ghlaoimid: Áiméan – Creidimid!

P: **Áiméan – Creidimid!**

C: San aon Dia amháin: Athair, Mac, agus an Spiorad Naofa.

P: **Áiméan – Creidimid!**

C: I nDia, Athair Uilechumhachtach, agus Cruthaitheoir gach aon ní.

P: **Áiméan – Creidimid!**

C: I mac Dé, a d'iompaigh ina fhear.

P: **Áiméan – Creidimid!**

C: Ina theagasc, ina bhás, ina aiséirí agus ina dheascabháil.

P: **Áiméan – Creidimid!**

C: I mbronntanas an Spioraid Naofa.

P: **Áiméan – Creidimid!**

C: I bhfilleadh glórmhar Chríost.

P: **Áiméan – Creidimid!**

C: Gur treise a ghrásta ná peacaí.

P: **Áiméan – Creidimid!**

C: Gur treise grá ná fuath agus bás.

P: **Áiméan – Creidimid!**

C: In aiséirí an choirp agus i saol síoraí sa ríocht.

P: **Áiméan – Creidimid!**

C: A Dhia thrí-aonta, féach ar chreideamh d'eaglaise ina oilithreacht ar fud an domhain, agus stiúir do pháistí chun gile do mhórgachta a fheiceáil aghaidh ar aghaidh, an t-aon Dia amháin a mhairfidh agus a rialóidh go brách.

P: **Áiméan.**

Iomann/Amhrán

PAIDREACHA LE HAONTACHT AGUS LE CLAOCHLÚ

I: Agus sinn aontaithe i gCríost a thugann bua dúinn, guímis:
Leis an eaglais, le corp Chríost, agus go mbainfimis tairbhe as an aontacht a fhaighimid tríd an Spiorad Naofa. A Dhia, foinse ár nirt:

P: **Athraigh sinn trí do ghrásta.**

I: Le ceannairí ár n-eaglaisí ach go háirithe (ainmnigh ceannairí na bpobal difriúil in bhur ngrúpa d'Eaglaisí le Chéile): go mbeidís dílis don aontacht a nglaoitear na Críostaithe ar fad chuige. A Dhia, foinse ár nirt:

P: **Athraigh sinn trí do ghrásta.**

I: Le náisiúin an domhain, go bhféadfaidh siad maireachtáil go sítheach seolta taobh le chéile, agus go gcothóidh siad ceartas do chách. A Dhia, foinse ár nirt:

P: **Athraigh sinn trí do ghrásta.**

I: Le cách, go mbeimid mar mhaoir mhaithe ar an domhan seo. A Dhia, foinse ár nirt:

P: **Athraigh sinn trí do ghrásta.**

I: Leis na daoine inár sochaí, go dtiocfaidh claochlú orainn agus go mbeimid in ann a bheith mar chomharsana maithe dá chéile. A Dhia, foinse ár nirt:

P: **Athraigh sinn trí do ghrásta.**

I: Leis na daoine atá bocht agus breoite, go dtiocfaidh claochlú orthu trí do láithreacht chneasaithe. A Dhia, foinse ár nirt:

P: **Athraigh sinn trí do ghrásta.**

I: Leis na teaghlaigh go léir, go réiteofar a streachailt agus go ndéanfar comhlíonadh ar a suáilce trí do ghrá. A Dhia, foinse ár nirt:

P: **Athraigh sinn trí do ghrásta.**

I: Leo siúd atá tinn, go dtabharfar sólás dóibh. A Dhia, foinse ár nirt:

P: **Athraigh sinn trí do ghrásta.**

I: A Thiarna, seas inár measc, agus tabhair aontacht agus síocháin dúinn.

P: **Áiméan.**

Paidir an Tiarna

I: Nuair a d'fhiafraigh duine de na deisceabail d'Íosa, "A Thiarna, múin dúinne guí", is amhlaidh a d'fhreagair sé: "Nuair a ghuíonn sibh, abraigí…"

P: **Ár dtiarna…**

Comhartha síochána agus roinnt an bhia

C: Tá nós ar leith ag muintir na Polainne abhlann mhór speisialta, a dtugtar "opłatek" uirthi,a roinnt ag aimsir na Nollag; tugtar ceann amháin do gach aon duine. Roinneann daoine ansin é trí píosa a bhaint dó agus é a ithe ansin. Agus an méid sin ar siúl, guíonn siad a seacht mbeannachta ar a chéile. Cuireann an roinnt seo aontacht, grá agus maithiúnas in iúl. Tugaimid cuireadh daoibh féin an rud céanna a dhéanamh mar chomhartha síochána agus aontachta; is é sin, an bia a thug an t-aos óg chugainn a roinnt eadrainn.

C: Go raibh síocháin an Tiarna leat i gcónaí.

P: **Go mba hamhlaidh duit. Nó: Agus le do spiorad.**

C: Bronnaimis comhartha síocháin ar a chéile.

Iomann

I rith an Iomainn seo, ba chóir go dtabharfadh na daoine óga an bia do na daoine ar fad i láthair chun gur féidir leo é a roinnt le chéile.

CONCLÚID

Urnaí Tiomantais

C: Bíonn cuimhne againn ar an méid a scríobh Pól, Aspal, sa Chéad Litir chuig na Corantaigh (1 Cor. 15, 57-58):
Buíochas le Dia a thugann dúinn an bua trínár dTiarna Íosa Críost. Dá bhrí sin, a bhráithre ionúine, bígí daingean dobhogtha dícheallach i mbun ghnó an Tiarna agus a fhios agaibh nach bhfuil bhur saothar in aisce, sa Tiarna.

Moladh le Dia, a thugann chun aontachta sinn! A Athair, tiomnaímid an tseachtain seo chun guí a dhéanamh le forbairt ár n-aontachta i gCríost. Sháraigh sé an bás féin, agus ghlaoigh sé orainn chun saoil nua sa Spiorad. Guímis mar sin:

C: Athraithe ag Críost trína bheith sa bhfreastal air–

P: **Seol amach i dteannta a chéile sinn!**
C: Athraithe tríd an bhfeitheamh foighneach –
P: **Seol amach i dteannta a chéile sinn!**
C: Athraithe tríd an bhfulaingt–
P: **Seol amach i dteannta a chéile sinn!**
C: Athraithe tríd an streachailt–
P: **Seol amach i dteannta a chéile sinn!**
C: Athraithe trí chothú na síochána –
P: **Seol amach i dteannta a chéile sinn!**
C: Athraithe trí ghrá Dé –
P: **Seol amach i dteannta a chéile sinn!**
C: Athraithe trí bheathú Dé–
P: **Seol amach i dteannta a chéile sinn!**
C: Aontaithe i réimeas Chríost –
P: **Seol amach i dteannta a chéile sinn!**

Beannú agus seoladh amach

D'fhéadfadh cúpla duine de lucht na cléire an bheannacht seo a bhronnadh ar an bpobal, de réir an mhúnla thíos, nó de réir múnla éigin eile.

C: Go raibh an Tiarna libh.
P: **Go mba hamhlaidh duit.** Nó: **Agus le do spiorad.**
C: Go mbeannaí Dia daoibh agus go gcumhdaí sé sibh.
Go dtaga loinnir ina aghaidh chugaibh, agus go gclaona sé go mánla in bhur dtreo.
Go ndírí an Tiarna a chuntanós oraibh, agus go dtuga sé síocháin daoibh.
P: **Áiméan.**

Nó

C: Go raibh beannacht Dé uilechumhachtaigh, an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naofa oraibh.
P: **Áiméan.**
C: Go dté sibh i síocháin Dé!
P: **Buíochas le Dia!**

Iomann deiridh / Iardhréacht

D'fhéadfaí bailiúchán scoir a dhéanamh ar mhaithe le daoine ina ngátar sa mhórphobal.